An Coimisiún Eorpach

# Comhaontú na Cathrach Glaise

## Cathracha Glana Sláintiúla don Eoraip



Comhshaol

*Gluaiseacht de chathracha Eorpacha atá tiomanta do chosaint an chomhshaoil is ea Comhaontú na Cathrach Glaise. Ar shíniú Chomhaontú na Cathrach Glaise dóibh, toilíonn ceannairí na cathrach gníomhartha breise a dhéanamh chun an chathair a dhéanamh níos glaise, níos glaine agus níos sláintiúla.*

# Cad chuige Comhaontú Cathrach Glaise?

Is i limistéir uirbeacha atá cónaí ar thart ar 70% de dhaonra na hEorpa. Téann staid chomhshaoil na cathrach i bhfeidhm ar gach duine atá ina chónaí sa chathair nó a thagann ar cuairt chuici. Bíonn lear mór dúshlán comhshaoil le sárú ag cathracha san Aontas Eorpach sa lá atá inniu ann, agus baineann bagairtí leo do shláinte agus d'fholláine na saoránach. Sáraítear caighdeáin an Aontais maidir le truailliú an aeir i go leor cathracha go fóill. Bíonn brú mór i gcónaí ar aibhneacha, ar lochanna agus ar uiscí cósta. Tá méadú ar an truailliú torainn. Tá an tsraoilleáil uirbeach ag cur isteach ar infhaighteacht na spásanna glasa, agus tá an bruscar a ghintear ag dul i gcion go mór ar an timpeallacht áitiúil.

**Is gnéithe bunriachtanacha dár bhfolláine cholanda agus intinne iad aer agus uisce glan, leibhéal íseal torainn, agus rochtain ar an dúlra. Cabhróidh an geilleagar ciorclach le cathracha a bheith níos tíosaí ar acmhainní trí dhramhaíl a thiontú ina hacmhainní. Ach gníomhartha uaillmhianacha a ghlacadh sna réimsí sin, éireoidh le rialtais áitiúla a gcathracha a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos mealltaí dá saoránaigh.**

Cabhróidh Comhaontú na Cathrach Glaise le comhleanúnachas a fhorbairt le tionscnaimh chathracha eile de chuid an Aontais, agus tacóidh sé le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe.


Íomhá: Unsplash / Ignacio Brosa

# Fís

**Faoi Chomhaontú na Cathrach Glaise, tugtar le chéile méaraí agus ceannairí rialtas áitiúil ar fud na hEorpa timpeall ar fhís chomhchoiteann maidir le todhchaí uirbeach ina mbainfear amach na spriocanna seo a leanas faoin mbliain 2030:**

*Áiteanna cónaithe mealltacha a bheidh sna cathracha ina gcuirfear chun cinn sláinte agus folláine na saoránach.*

*Beidh aer glan agus uisce glan ag gach saoránach, beidh fáil acu ar pháirceanna agus ar spásanna glasa, agus beidh níos lú truailliú torainn iontu.*

*Beidh an geilleagar ciorclach i bhfeidhm agus tiontófar dramhaíl ina hacmhainn trí athúsáid, deisiú agus athchúrsáil níos mó a spreagadh.*



# Spriocanna

**Ach an Comhaontú a shíniú, toilíonn méaraí gníomhartha breise a ghlacadh chun na spriocanna seo a leanas a bhaint amach faoin mbliain 2030:**

– Feabhas mór a bhaint amach ar **cháilíocht an aeir** i gcathracha, dul níos faide chun na Treoirlínte maidir le Cáilíocht an Aeir ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a chomhlíonadh, agus deireadh a chur leis na sáruithe ar chaighdeáin an Aontais Eorpaigh maidir le cáilíocht an aeir chomh luath agus is féidir.

– Dul chun cinn mór a dhéanamh chun feabhas a chur ar **cháilíocht dobharlach** agus ar **éifeachtúlacht an ídithe uisce**.

– Dul chun cinn mór a dhéanamh chun an **bhithéagsúlacht** uirbeach a chaomhnú agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí mhéadú ar fhairsinge agus ar cháilíocht na limistéar glas i gcathracha, trí dheireadh a chur le caillteanas éiceachóras uirbeach agus trí éiceachórais uirbeacha a athchóiriú.

– Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an **gheilleagair chiorclaigh** trí fheabhas mór a bhaint amach maidir le bainistiú dramhaíola tí i gcathracha, laghdú mór a bhaint amach ar an méid bruscair a ghintear agus a chuirtear i láithreáin líonta talún, agus méadú mór ar athúsáid, deisiú agus athchúrsáil.

– Laghdú mór ar an truailliú **torainn**, agus dul i dtreo na leibhéal atá molta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.



Íomhá: Dreamstime / Olesia Bilkei

# Cén fáth ar cheart a bheith rannpháirteach?

**Na tairbhí**

- A bheith feiceálach ar fud na **hEorpa mar aitheantas** ar ghníomhaíochtaí comhshaoil do chathrach agus ar a bhfuil bainte amach inti.
- Rannchuidiú le múnlú beartais comhshaoil an Aontais Eorpaigh agus a bheith rannpháirteach i bpobal cathracha a bhfuil an **dearcadh céanna** acu chun an t-aistriú a chur chun cinn i dtreo Eoraip atá glan agus sláintiúil.
- Cur le do thrédhearcacht, **cuntasacht agus creidiúnacht i ndáil leis** an bpobal áitiúil.
- Rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le deiseanna cistiú a **fháil ón Aontas Eorpach**.
- Páirt a ghlacadh in **imeachtaí líonraithe**, leas a bhaint as deiseanna forbartha acmhainne.
- **Treoir agus tacaíocht shaincheaptha** a fháil ó dheasc chabhrach thiomnaithe.
- A bhfuil bainte amach ag do chathair a **thagarmharcáil** i gcoinne an dul chun cinn i gcathracha eile.

# Conas is féidir a bheith rannpháirteach?

Is féidir le cathair ar bith[1] atá suite san Aontas Eorpach a bheith rannpháirteach sa Chomhaontú. Is féidir le húdaráis réigiúnacha agus náisiúnta, comhlachais de chathracha agus réigiúin, eagraíochtaí sochaí sibhialta, institiúidí acadúla, agus gnóthais a bheith rannpháirteach sa tionscnamh i gcáil Tacadóra le Comhaontú na Cathrach Glaise.

**An Comhaontú céim ar chéim**

**SÍNIÚ:** Síneoidh an Méara nó ionadaí coibhéiseach den chomhairle áitiúil Comhaontú na Cathrach Glaise tar éis don chomhairle (nó do chomhlacht cinnteoireachta coibhéiseach) rún oifigiúil a ghlacadh;

**SAINIÚ:** Laistigh de dhá bhliain, bunóidh an chathair a spriocanna uaillmhianacha sna cúig fhearann de Chomhaontú na Cathrach Glaise, agus cinnfidh na leibhéil bhonnlíne lena léirítear an túsphointe i ngach fearann;

**GNÍOMHÚ:** Déanfaidh an chathair beartais agus cláir a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach comhtháite chun a spriocanna a bhaint amach faoin mbliain 2030;

**FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ:** Tuairisceoidh an chathair ar an dul chun cinn gach trí bliana trí uirlis ar líne atá éasca le húsáid.

1) Sa tionscnamh seo, tagraíonn an téarma 'cathair' do limistéar uirbeach amhail pobal, baile, nó cathair lena mbaineann aonad riaracháin faoi rialú comhairle cathrach nó cineáil eile comhlachta a thoghtar go daonlathach.

www.greencityaccord.eu
contact@greencityaccord.eu

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine eile ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis.

© An tAontas Eorpach, 2020

Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.
Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-76-23911-6 | doi: 10.2779/58105 | KH-01-20-626-EN-C |
| PDF | ISBN 978-92-76-23887-4 | doi: 10.2779/476324 | KH-01-20-626-EN-N |